**Miontuairiscí ó Chruinniú Boird**
**Leabharlann Náisiúnta na hÉireann**

**Déardaoin, an 27 Aibreán 2023 ar 11:00**

**Cruinniú Hibrideach: An Seomra Ealaíne, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, 7–8 Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 P638 agus an córas físchomhdhála**

| | |
|---|---|
| **An Bord** | **I láthair:**<br>Eoin McVey, Cathaoirleach<br>An tOll. Ciarán Ó hÓgartaigh, Leaschathaoirleach<br>An Dr Marie Bourke<br>Oll. Maeve Conrick<br>John Grenham<br>Lisa Grimm<br>Lorelei Harris (1-9.1; 9.5 ar an gcóras físchomhdhála)<br>An Dr Conor Kostick<br>An tOllamh Kalpana Shankar (ar an gcóras físchomhdhála)<br><br>**Leithscéalta:**<br>Jennifer Taaffe<br>Caitriona Sharkey |
| **An Fhoireann** | **I láthair:**<br>An Dr. Audrey Whitty, Stiúrthóir (1-14)<br>Orla Sweeney, Rúnaí an Bhoird (1-14)<br>Katy Lumsden, Ceannasaí Acmhainní Daonna (7; 8.1; 8.2; 9.5)<br>Eoghan Ó Carragáin, Ceannasaí Bailiúchán Digiteach (9.3; 10.2)<br>Brian O'Donnell, Ceannasaí Eastát (9.2)<br>Kathleen Ruane, Ceannasaí Airgeadais-CRO (9.4; 10.1; 10.2) |
| Tabhair do d'aire: Tá folúntas amháin ar an mBord. Bhí gach comhalta Boird i láthair ó thús deireadh an chruinnithe, mura luaitear a mhalairt. Cuireann (1-14) in iúl nach raibh comhalta Boird nó ball foirne i láthair ar feadh thréimhse iomlán an chruinnithe, ach go raibh sé/sí i láthair le haghaidh míreanna áirithe sna miontuairiscí. | |

1. **Leasanna agus ceisteanna nóis imeachta**

   Dhearbhaigh an Cathaoirleach go raibh an cruinniú le córam. Mar fhreagra ar iarraidh ón gCathaoirleach, níor fhógair duine ar bith den Bhord aon choinbhleacht leasa.

   **Bhí an cruinniú Boird le córam. Níor fhógair an Bord aon choinbhleacht leasa.**

   Tabhair do d'aire: Scaipeadh páipéir uile an Bhoird roimh an gcruinniú Boird, mura luaitear a mhalairt, agus glactar leis gur léadh iad.

2. **Dréacht-mhiontuairiscí ó chruinniú Boird an 23 Feabhra 2023 agus a bhfoilsiú**

   **D'fhaomh an Bord na dréacht-mhiontuairiscí ó chruinniú Boird an 23 Feabhra 2023 gan leasú agus foilsiú na miontuairiscí faofa sin, téacs folaithe iontu de réir mar is iomchuí.**

3. **Nithe ag éirí as**

   Thug an Stiúrthóir breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird.

   **Thug an Bord na nithe ag éirí as ar an tábla gníomhaíochta dá n-aire.**

   **Thug an Bord dá aire chomh maith nach leasófar an Beartas ceadaithe Taistil agus Cothaithe (NLI-PRV2-24) chun an toilleadh innill ísle amháin (suas le 1200cc) a cheadú, faoi na Rátaí Mótarthaistil, sa chás go n-úsáidtear feithicil phríobháideach chun críocha gnó oifigiúil. Rinne an Bord machnamh ar an leasú mar thionscnamh féideartha chun tacú le feithiclí níos glaise; ach chuir an Feidhmeannas in iúl don Bhord, áfach, go mbeadh an leasú contrártha le hImlitir 16/22 agus déantar foráil sa Bheartas sin, sa chás go bhfuil gá le taisteal chun críocha gnó oifigiúil, is é an córas bus/iarnróid ba chóir a bheith mar phríomhbhealach taistil agus nach féidir leis an lucht bainistíochta feithiclí príobháideacha a cheadú, ach amháin má cheadaítear é roimh ré agus i gcúinsí fíortheoranta.**

**D’iarr an Bord go ndéanfadh an Feidhmeannas athbhreithniú ar pháipéir an Bhoird.**

Agus an t-iarratas seo á dhéanamh, rinne an Bord tagairt don mhéid seo:

- An moladh seo a leanas sa tuarascáil deiridh ar an meastóireacht sheachtrach maidir le héifeachtúlacht an Bhoird agus a Choistí– “Go dtionscnófaí plean le cinntiú go mbeidh san áireamh i struchtúr agus formáid gach páipéar a chuirtear faoi bhráid an Bhoird agus an Choiste lena mbreithniú achoimre fheidhmeach achomair stuama (gan teacht trasna ar bhunús riachtanas faisnéise na gcomhaltaí) agus go leanfadh siad an prótacal 2-4-8 nuair is féidir agus go n-úsáidfí tuairisciú deaise i gcás treochtaí, grafaicí faisnéise agus go ndéanfaí machnamh ar thuairisciú ar eisceachtaí.”

- Treoracha stíle teanga simpí; agus

- Líon na bpáipéar a chuirtear faoi bhráid an Bhoird.

## 4. Tuarascáil Feidhmiúcháin

Thug an Stiúrthóir breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird. Ina theannta sin, chuir an Stiúrthóir an Bord ar an eolas ó bhéal faoin Tionscadal Forbartha Caipitil mar seo a leanas:

- Pleananna d’oscailt oifigiúil an tSeomra Léitheoireachta Lámhscríbhinní, atá athlonnaithe ón gcéad urlár go dtí urlár na talún ar 2–3 Sráid Chill Dara.
- Soiléiriú maidir leis an gCás Gnó Eatramhaigh, mar a d’iarr an Rannán Polasaí Straitéisigh sa RTCEGSM curtha isteach.
- Stádas iarratas ceada pleanála an Tionscadail a cuireadh isteach ag eascairt as cumarsáid le páirtithe an Tionscadail.

**Thug an Bord dá aire Tuarascáil an Fheidhmeannais agus cur i láthair ó bhéal an Stiúrthóra Ghníomhaigh maidir leis an Tionscadal Forbartha Caipitil. Rinne an Bord plé ar an Tionscadal Forbartha Caipitil agus thug dá aire an tábhacht a bhaineann leis an Tionscadal a bhrú chun cinn agus an t-iarratas ar chead pleanála a chur isteach ar an dáta sceidealta.**

Maidir le hábhair acmhainní daonna agus earcaíochta, mar ar tugadh breac-chuntas orthu i dTuarascáil an Choiste Gnó, thug an Cathaoirleach léargas ginearálta don Bhord ar na dúshláin foirne in

LNÉ ó bhí cúlú 2008 ann. **Rinne an Bord plé ar chúrsaí earcaíochta agus luadh a mhíshástacht leis an dóchúlacht go mbeidh gearrchaiteachas párolla ann ag deireadh na bliana mar gheall ar mhoill ar cheaduithe earcaíochta a thugtar don LNÉ.**

Chuir an Stiúrthóir in iúl don Bhord go raibh an Feidhmeannas ag machnamh ar thuarascáil tagarmharcála a sholáthar don LNÉ i gcomparáid le piar-leabharlanna náisiúnta eile. Thug an Bord dá aire, sa chás go leanfadh an Feidhmeannas ar aghaidh le tuarascáil dá leithéid a sholáthar, go mbeadh suim ag an mBord fios a bheith aige faoin méid seo a leanas i dtaca le piar-leabharlanna náisiúnta eile:
- Líon na mball foirne agus a ról;
- Líon na gconraitheoirí agus a ról; agus
- Codarsnacht ó thaobh na bhfeidhmeanna agus na ngníomhaíochtaí a dtugann piaraí LNÉ fúthu i gcomparáid le LNÉ.

Luaigh Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) go mbeahd a leithéid de thuarascáil suimiúil don ARC chomh maith i bhfianaise na tuairisce iniúchóireachta inmheánaí maidir le hAcmhainní Daonna agus Bainistiú Daoine, agus go bhfuil an Coiste i gcónaí oscailte do theagmháil leis an bhFeidhmeannas ar ábhair den chineál seo.

## 5. Tosaíochtaí Straitéiseacha Eagraíochta LNÉ 2023

Thug an Stiúrthóir breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird. Phléigh an Bord na hábhair seo a leanas leis an Stiúrthóir:

- An tsolúbthacht is mó is féidir san fheistiú faoin Tionscadal Forbartha Caipitil le gur féidir taispeántais a athnuachan, mar shampla, le bailiúcháin agus comhoibrithe eile LNÉ srl.
- Fógra roimh ré do léitheoirí maidir le forbairtí nua ó thaobh na bailiúcháin a thaispeáint, mar shampla, trí thosaíochtaí an Ghrúpa Stiúrtha Dhigitigh, ábhair nua don chatalóg srl. a fhoilsiú.
- Beartais na mBailiúchán Digiteach lena n-áirítear ceisteanna ó thaobh na hIntleachta Saorga.
- Digitiú micreascannán nuachtán.

**Luaigh an Bord Tosaíochtaí Straitéiseacha Eagraíochta LNÉ 2023 mar seo a leanas: (i) Tionscadal Forbartha Caipitil LNÉ “An Leabharlann Náisiúnta a Athshamhlú” a chur chun cinn; (ii) Tionscadal Thaispeántais an Sciatháin Thiar & Rannpháirtíochta**

**a chur chun cinn; (iii) Earcaíocht; (iv) Digitiú: ullmhú do na chéad 10 mbliana eile; agus (v) Pleanáil Daonchairdis/Forbartha.**

## 6. Coistí an Bhoird

### 6.1 An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca: Tuairisc an 12 Aibreán 2023; Miontuairiscí an 10 Feabhra 2023; Tuarascáil Bhliantúil 2022.

Thug Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) eolas breise don Bhord maidir leis na páipéir Bhoird seo a leanas:

- Tuairisc an Chathaoirligh ar chruinniú 10 Feabhra 2023 an ARC: Chuir Cathaoirleach an Choiste in iúl don Bhord gur cheadaigh an ARC an cháipéis scópála don Iniúchadh Inmheánach ar Shealbhúcháin Bailiúchán tríd an ríomhphost ar an 3 Bealtaine 2023, a leasaíodh tar éis mholadh an ARC don iniúchóir inmheánach an scóip ar luachálacha tríú páirtí a shoiléiriú agus a leathnú.

- Tuairisc Bhliantúil 2022 an ARC don Bhord: Ghabh Cathaoirleach an Choiste buíochas le Kathleen Ruane, Ceannasaí Airgeadais-CRO; Orla Sweeney, Rúnaí an ARC; agus Susan O’Donnell in Oifig an Stiúrthóra as ucht tacú leis an gCoiste ina chuid oibre.

**Luaigh an Bord an méid seo: Tuairisc Chathaoirleach an Choiste ar chruinniú ARC an 12 Aibreán 2023; miontuairiscí faofa ó chruinniú ARC an 10 Feabhra 2023; agus Tuairisc Bhliantúil 2022 an ARC don Bhord.**

**Luaigh an Bord chomh maith gur aontaigh Cathaoirleach an Bhoird agus Cathaoirleach an Choiste gur chóir don Stiúrthóir freastal ar gach cruinniú ARC as seo amach. (nóta: Ní comhalta den ARC é an Stiúrthóir (mar bhall foirne)).**

### 6.2 An Coiste um Ghinealas agus Araltas: Tuairisc an 28 Márta 2023; [redacted] Miontuairiscí an 23 Samhain 2022

Thug Cathaoirleach an Choiste um Ghinealas agus Araltas faisnéis ó bhéal don Bhord maidir le cruinniú an Choiste sin ar an 23 Samhain 2022 agus an 28 Márta 2023.

Chuir Cathaoirleach an Choiste an méid seo in iúl don Bhord:

- gur bunaíodh foghrúpa den Choiste chun iniúchadh a dhéanamh ar fheidhmeanna reachtúla an CGH agus chun réimse roghanna féideartha a thairiscint don Bhord, Stiúrthóir agus Príomharalt chun freastal Oifig an Phríomharailt agus tairiscintí ginealais agus araltais LNÉ a leathnú, ag cur san áireamh na srianta déine ama agus pearsanra faoina bhfeidhmíonn an Leabharlann.
- gur chuir an foghrúpa dréacht-thuairisc faoi bhráid an CGH ag a chruinniú ar an 28 Márta 2023 agus go gcuirfear dréacht bhreise den tuairisc faoi bhráid an CGH ag a chéad chruinniú eile. Féadfaidh sé go mbeidh dáta an chéad chruinnithe eile den CGH níos faide anonn sa samhradh ach an Feidhmeannas a bheith ar fáil.
- téitear i gcomhairle leis an bhFeidhmeannas i gcónaí ar aon ghníomhaíochtaí a mholtar sna dréacht-thuairiscí.
- cuirfidh an CGH dréacht deiridh den tuairisc faoi bhráid an Bhoird in am trátha.

[redacted]

[redacted]

[redacted]

**Luaigh an Bord an méid seo: Tuairisc ó bhéal Chathaoirleach an Choiste ar chruinniú an Choiste um Ghinealas agus Araltas ar an 23 Samhain 2022 agus an 28 Márta 2023, agus na miontuairiscí faofa ó chruinniú an choiste CHG ar an 23 Samhain 2022.**

## 6.3 An Coiste Comhairleach Léitheoirí

Chuir Cathaoirleach Choiste Comhairle na Léitheoirí (RAC) tuairisc ó bhéal don Bhord ar chruinniú Coiste an 19 Aibreán 2023 agus luaigh go bhfuil sé ar intinn ag an RAC tuilleadh faisnéise staidrimh eile a chur faoi bhráid an Bhoird ag eatraimh rialta maidir le suíomh idirlín agus seirbhísí eolais LNÉ.

Chuir Cathaoirleach an Choiste an Bord ar an eolas faoin stádas a bhaineann le dhá thionscadal ar mian leis an RAC tosaíocht a thabhairt dóibh le linn a théarma:
(i) aonad ilfheidhmeach soghluaiste LNÉ curtha ar shos; agus
(ii) tá inneall cuardaigh comhtháite ar fud an chórais leabharlann in Éirinn á chur chun cinn ag an bhFeidhmeannas tríd an gGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, agus na leabharlanna poiblí dá réir.

**Luaigh an Bord an méid seo: Tuairisc ó bhéal a thug Cathaoirleach an Choiste ar an gcruinniú a bhí ag an gCoiste Comhairleach do Léitheoirí ar an 19 Aibreán 2023; na miontuairiscí faofa ó chruinniú an choiste RAC ar an 8 Samhain 2022; agus Tuairisc Bhliantúil 2022 an RAC don Bhord.**

**Cheadaigh an Bord, de réir mholadh Chathaoirleach an RAC, go gceapfaí an Stiúrthóir, an Dr Audrey Whitty mar ghnáthchomhalta den RAC agus luaigh comhaltacht an RAC mar seo a leanas:**

| Ainm | Post | Cúige (An tAcht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997) | Dáta ceaptha ag an mBord |
|---|---|---|---|
| Lorelei Harris | Cathaoirleach an RAC agus Comhalta Boird | Cúige Laighean | 7 Deireadh Fómhair 2021 |
| An Dr. Audrey Whitty | Gnáthchomhalta den RAC agus Stiúrthóir | Cúige Laighean | 27 Aibreáin 2023 |
| Lian Bell | Gnáthchomhalta den RAC | Cúige Laighean | 10 Feabhra 2022 |
| Liam O'Brien | Gnáthchomhalta den RAC | Cúige Mumhan | 10 Feabhra 2022 |
| Harry Hughes | Gnáthchomhalta den RAC | Cúige Chonnacht | 10 Feabhra 2022 |
| An tOll. Mary O'Dowd | Gnáthchomhalta den RAC | Cúige Uladh | 10 Feabhra 2022 |

Tabhair do d'aire: Thug an Bord aghaidh ar mhíreanna ar an gclár i dtaca le hacmhainní daonna san ord seo a leanas:

(i) 8.2 Acmhainní Daonna: An Clár 'Sábháilte le Cruthú'
(ii) 9.5 Acmhainní Daonna: Conraitheoir Speisialtóireachta Earcaíochta
(iii) 7. Cur i láthair: Acmhainní Daonna – Plean Fórsa Saothair 2022–2025
(iv) 8.1: Acmhainní Daonna: Plean Fórsa Saothair 2022–2025

Ar mhaithe le soiléireacht, leanfar leis na miontuairiscí a bheith ag teacht leis an gclár oibre.

## 7. Cur i láthair: Acmhainní Daonna – Plean Fórsa Saothair 2022–2025

Thug an Ceannasaí Acmhainní Daonna, Katy Lumsden, tuairisc ó bhéal ar an bPlean Fórsa Saothair 2022–2025. Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an bhFeidhmeannas as ucht a chuid oibre ó thaobh an Plean seo a fhorbairt. Chuir an Cathaoirleach in iúl don Cheannasaí Acmhainní Daonna go raibh ábhair i dtaca le hacmhainní daonna pléite ag an mBord chomh maith faoi Mhír 4 (féach thuas).

Phléigh an Bord an Plean seo leis an gCeannasaí Acmhainní Daonna ó thaobh Pleananna Fórsa Saothair amach anseo, lena n-áirítear: ailíniú le Plean Straitéiseach LNÉ; pleanáil comharbais i bhfianaise próifíl aoise na foirne; agus an sprioc a shárú go réamhghníomhach maidir le fostú daoine faoi mhíchumas.

**Thug an Bord dá aire an tuairisc ó bhéal a thug an Ceannasaí Acmhainní Daonna ar an bPlean Fórsa Saothair 2022–2025.**

## 8. Beartais

### 8.1 Acmhainní Daonna: Plean Fórsa Saothair 2022–2025

**Maidir le Mír 7 (thuas), cheadaigh an Bord an Plean Fórsa Saothair 2022–2025.**

### 8.2 Acmhainní Daonna: An Clár 'Sábháilte le Cruthú'

Thug an Ceannasaí Acmhainní Daonna breac-chuntas ar an bpáipéar Boird cuí agus chuir fáilte roimh mholadh an Bhoird maidir le polasaithe agus nósanna imeachta reatha LNÉ a cheangal le 'Dearbhú Tuisceana LNÉ i ndáil leis an gClár Sábháilte le Cruthú' ach an téacs mínitheach a chur isteach ann.

**Cheadaigh an Bord 'Dearbhú Tuisceana LNÉ i ndáil leis an gClár Sábháilte le Cruthú'.**

## 9. Cásanna Gnó

### 9.1 Bailiúcháin Speisialta: Tionscadal Catalógaithe Pháipéir Theaghlaigh Yeats

Thug an Stiúrthóir breac-chuntas ar an gcás gnó ábhartha, thar ceann Choimeádaí na mBailiúchán Speisialta, Colette O'Flaherty.

Thug an Stiúrthóir aghaidh ar cheisteanna ón mBord maidir le líon na dtairiscintí a fuarthas agus cuspóirí straitéiseacha an Fheidhmeannais do Pháipéir Theaghlaigh Yeats nuair a bheidh an tionscadal catalógaithe curtha i gcrích.

**D'fhaomh an Bord go leanfadh an Feidhmeannas ar aghaidh le conradh a dhéanamh le Archives Ireland chun seirbhísí catalógaithe a sholáthar faoi Bheart 1, (Cruthú Meiteashonraí, Dearbhú Cáilíochta, agus Feabhsú) den Chreat Seirbhísí Bainistíochta Bailiúcháin 2022–2026 chun Páipéir Theaghlaigh Yeats a chartlannú, a**

**chatalógú, meiteashonraí a chruthú, rialú údaráis agus dearbhú cáilíochta a dhéanamh air ar feadh tréimhse 42 seachtain** [redacted]

## 9.2 Eastáit: Seirbhísí Slándála ar Conradh

Thug an Ceannasaí Eastát, Brian O'Donnell, breac-chuntas ar an gcás gnó cuí agus chuir in iúl don Bhord go bhfuil an Feidhmeannas ag leanúint dá chuid oibre ar mholadh an Bhoird maidir le pá agus coinníollacha na mball foirne slándála ar conradh.

D'fhreagair an Ceannasaí Eastát ceist ón mBord faoin amlíne do dháta tosaigh conraitheora nua ar an láthair.

**Thug an Bord ceadú don Fheidhmeannas leanúint le conradh a dhéanamh le Synergy Security Solutions Ltd. faoi chreat-chomhaontú arna bhunú don Oifig um Sholáthar Poiblí (OGP) (Tag: RFT 166650-FSU061F) le haghaidh Seirbhísí Slándála ar Conradh ag foirgnimh LNÉ ar Shráid Chill Dara agus an Chartlann Grianghrafadóireachta Náisiúnta, ar feadh dhá bhliain agus roghanna ann síneadh a chur leis an gconradh faoi dhó le haghaidh tréimhsí 12 mhí ar na téarmaí agus coinníollacha céanna** [redacted]

## 9.3 Bailiúcháin Dhigiteacha: Seirbhísí tacaíochta Deisce Cabhraí TFC

Thug an Ceannasaí Bailiúchán Digiteach breac-chuntas ar an gcás ábhartha gnó agus d'fhreagair ceist ón mBord faoi acmhainní daonna TFC in LNÉ.

**Thug an Bord ceadú don Fheidhmeannas tairiscint a eisiúint do Sheirbhísí Tacaíochta Deisce Cabhraí TFC ar feadh tréimhse thosaigh 12 mhí, agus an fhéidearthacht go gcuirfí suas le 2 shíneadh bhreise 12 mhí leis. Thug an Bord dá aire go n-eiseoidh an Ceannasaí Bailiúchán Digiteach, tar éis dul i gcomhairle leis an Oifig um**

**Sholáthar Rialtais (OGP), RFT forlíontach/miontairiscint faoi Chreat-Chomhaontú OGP do Thacaíocht Theicniúil TFC (IPS013F), nó go n-eiseoidh tairiscint Comórtais Oscailte OJEU le haghaidh soláthar Seirbhísí Tacaíochta Deisce Cabhraí TFC.**

Tabhair do d'aire: Thug an Bord aghaidh ar mhír 9.5 ar an gclár anois leis an gCeannasaí Bailiúchán Digiteach, ach ar mhaithe le soiléireacht, áfach, leanfar leis na miontuairiscí a bheith ag teacht leis an gclár oibre.

**9.4 Cúrsaí Airgeadais: Sainseirbhísí Comhairleoireachta um Sholáthar**

Thug an Ceannasaí Airgeadais-CRO, Kathleen Ruane, breac-chuntas ar an gcás ábhartha gnó.

**Thug an Bord ceadú don Fheidhmeannas leanúint le conradh a dhéanamh le Keystone Procurement Ltd. le haghaidh Seirbhísí Comhairleoireachta Speisialtóireachta faoi Chatagóir 1 de Chóras Ceannaigh Dinimiciúil (DPS) na hOifige um Sholáthar Rialtais chun Seirbhísí Comhairleoireachta Speisialtóireachta a Sholáthar do Chomhlachtaí Earnála Poiblí in Éirinn (PAS120F) tag eTenders: 206203), ar feadh tréimhse 2 bhliain agus rogha ann go gcuirfí suas le 2 shíneadh suas le 12 mhí leis** [redacted]

**9.5 Acmhainní Daonna: Conraitheoir Speisialtóireachta Earcaíochta**

Thug an Ceannasaí Acmhainní Daonna breac-chuntas ar an gcás ábhartha gnó agus d'fhreagair ceist ón mBord faoin bpróiseas soláthair molta.

**Thug an Bord ceadú don Fheidhmeannas iarraidh ar thairiscintí a eisiúint do Chonraitheoir Acmhainní Daonna tacaíocht earcaíochta a chur ar fáil ag leibhéal**

**coibhéiseach Oifigigh Feidhmiúcháin ar feadh tréimhse 20 seachtain. Thug an Bord ceadú don Fheidhmeannas páipéar a chur faoi bhráid an Bhoird (i ríomhphost) chun cead a lorg conradh a dhámhachtain, i dtaca leis an ábhar thuas, roimh chruinniú Boird an 29 Meitheamh 2023.**

## 10. Gnóthaí Corparáideacha

### 10.1 Cúrsaí Airgeadais

#### 10.1.1 Cuntais Bhainistíochta don bhliain go dtí an 31 Eanáir 2023 agus Buiséad Mionsonraithe Pro Forma do 2023

Thug an Ceannasaí Airgeadais-CRO breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird. Thug an Ceannasaí Airgeadais-CRO aghaidh ar cheisteanna ón mBord maidir leis an iarmhéid deiridh tuartha do dheireadh na bliana agus an bunús leis an méid sin; agus an neamhréir idir na Cuntais Bhainistíochta don bhliain go dtí an 31 Eanáir 2023 agus Ráitis Airgeadais 2022 don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2022 - Dréacht 1.

**Thug an Bord dá aire gur mhol an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, ag a chruinniú ar an 12 Aibreán 2023, na Cuntais Bhainistíochta do bhliain go dtí an 31 Eanáir 2023 agus an Buiséad Mionsonraithe Pro Forma do 2023 don Bhord lena gceadú.**

**Rinne an Bord na Cuntais Bhainistíochta don bhliain go dtí an 31 Eanáir 2023 agus an Buiséad Mionsonraithe Pro Forma do 2023 a fhaomhadh.**

#### 10.1.2 Ráitis Airgeadais 2022 agus Tuairisc Achtúireach 2022

Thug an Ceannasaí Airgeadais-CRO breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird.

**Thug an Bord dá aire Ráitis Airgeadais 2022 don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 - Dréacht 2.**

**Thug an Bord dá aire an dréacht-Thuairisc Achtúireach - Nochtuithe FRS 102 don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022.**

**10.2 Bainistíocht Riosca**

**10.2.1 Dearbhú Riosca maidir le Riosca Uimhir 1.3 - An Clár Rioscaí Corparáideacha**

Thug an Ceannasaí Bailiúchán Digiteach breac-chuntas ar an bpáipéar Boird ábhartha.

**Thug an Bord dá aire an Dearbhú Bainistíochta ón gCeannasaí Bailiúchán Digiteach maidir le Riosca Uimhir 1.3 den Chlár Rioscaí Corparáideacha.**

**11. Measúnú seachtrach ar an mBord agus ar Choistí an Bhoird**

Chuir an Stiúrthóir in iúl don Bhord gur cheart do Rúnaí an Bhoird leanúint lena cuid oibre chun plean gníomhaíochta a dhréachtú i ndáil leis na moltaí atá luaite sa tuarascáil deiridh ar an measúnú seachtrach maidir le héifeachtúlacht an Bhoird agus a Choistí.

Maidir leis an Tuairisc sin agus feachtas Stateboards.ie arna hullmhú, le folúntais a líonadh ar an mBord (mar gheall ar dheireadh a bheith ag teacht le téarmaí triúr (3) Comhaltaí Boird ar an 23 Samhain 2023, d’iarr an Stiúrthóir ar mhian leis an mBord tabhairt faoi mhaitrís scileanna.

Rinne an Bord liosta de roinnt sonraíochtaí inmhianaithe le haghaidh iarrthóirí ar chomhaltacht fhéideartha ar Bhord LNÉ. Chuir an Cathaoirleach in iúl don Bhord go sainaithneodh sé tuairim agus 3 shonraí inmhianaithe le haghaidh iarrthóirí lena gcur san áireamh i bhfeachtas Stateboards.ie agus go gcuirfí an Bord ar an eolas dá réir.

**12. An chéad chruinniú Boird eile: Déardaoin, an 29 Meitheamh 2023, ar 10:00**

Thug an Cathaoirleach breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird. Chuir roinnt comhaltaí Boird in iúl don Chathaoirleach nach mbeadh siad in ann freastal ar an gcéad chruinniú eile Boird sa bheo, é sin nó nach mbeadh siad in ann freastal ach amháin ar líne mar gheall ar dhualgais ghairmiúla ar an dáta sin.

**D'aontaigh an Bord go reáchtálfaí an chéad chruinniú eile Boird Déardaoin, an 29 Meitheamh 2023 ag 10r.n. in Ollscoil na Gaillimhe, agus ina dhiaidh sin cur i láthair an tráthnóna sin ó Leabharlannaí agus Leabharlannaí Ionaid na hOllscoile in éineacht le turas timpeall ar Áras Taighde Uí Argadáin agus Leabharlann Shéamais Uí Argadáin.**

**13. Aon Ghnó Eile**

Thug an Stiúrthóir aghaidh ar cheist ón mBord maidir le cén uair a bheadh acmhainní foirne ar bun chun gur féidir an Seomra Ealaíne athchóirithe a oscailt (ionad an chruinnithe Boird reatha) mar sheomra léitheoireachta do bhailiúcháin fhísiúla.

**14. Am príobháideach**

Mhol an Cathaoirleach nach reáchtáladh an Bord seisiún príobháideach mar gheall go raibh thacaíocht theicniúil sheachtrach chlosamhairc i láthair.

**Níor reáchtáil an Bord seisiún príobháideach.**

**Chuir an Cathaoirleach deireadh leis an gcruinniú.**